# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# SPÁINNIS

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 272 - 320 |
| B: | 224 - 271 |
| C: | 176 - 223 |
| D: | 128 - 175 |
| E: | 80 - 127 |
| F: | 32 - 79 |
| N.G.: | 0 - 31 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh tarscaoileadh ar dhaltaí maidir le litriú nó inar deonaíodh agus baineadh úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *I go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Freagairt trí Ghaeilge: Bónas**

Gnáthráta: 5% den Iomlán

| Marc | Bónas | Marc | Bónas | Marc | Bónas |
|---|---|---|---|---|---|
| 241-246 | 11 | 274 - 280 | 6 | 307 – 313 | 1 |
| 247 - 253 | 10 | 281 - 286 | 5 | 314 – 320 | 0 |
| 254 - 260 | 9 | 287 - 293 | 4 | | |
| 261 - 266 | 8 | 294 - 300 | 3 | | |
| 267 - 273 | 7 | 301 - 306 | 2 | | |

**1. Anuncio – UNA NUEVA APLICACIÓN PARA TU MÓVIL**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. peitreal a spáráil/ stáisiúin pheitril a aimsiú/ praghsanna a chur i gcomparáid/ rogha na stáisiún peitril a fháil amach **(4 mharc)**

b. Níos mó ná 45,000 tiománaí **(4 mharc)**

c. Tá sí saor in aisce **(4 mharc)**

**2. Diálogo – HABLANDO CON UNA JUGADORA PROFESIONAL DE HOCKEY**

**(4 + 4 + 4) + 4 + 4 mharc = 20 marc**

a. An Airgintín, An Ghearmáin, An Spáinn **(4+4+4 mharc)**

b. cúig shraithchomórtas, dhá chorn dhomhanda, ceithre bhonn Oilimpeacha **(4 mharc)**

c. 34 **(4 mharc)**

**3. Diálogo – ENTREVISTA CON JOSÉ MARÍA, ESTUDIANTE DE ERASMUS**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. mic léinn ollscoile **(4 mharc)**

b. Deireadh Fómhair na bliana seo caite **(4 mharc)**

c. d'éirigh sé níos tuisceanaí **(4 mharc)**

**4. Descriptivo – LA PROTECCIÓN CONTRA EL SOL**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. cúpla uair sa lá **(4 mharc)**

b. idir 11 a.m. agus 4 p.m. **(4 mharc)**

c. Níor cheart dóibh a bheith faoi léas solais na gréine **(4 mharc)**

**5. Descriptivo – LOS REYES DE LA PAELLA**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. an rís is fearr **(4 mharc)**

b. **Ceann** díobh seo: ócáidí cultúrtha / ócáidí spóirt / ócáidí reiligiúnacha / cóisirí dheireadh na bliana **(4 mharc)**

c. **Ceann** díobh seo: foighne / cúram / táirgí maithe **(4 mharc)**

**6. El tiempo**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. ceathanna agus stoirmeacha **(4 mharc)**

b. Anoir **(4 mharc)**

c. Níos mó ná 38 céim **(4 mharc)**

**7. Una Noticia – NECESITO ESPAÑA**

**4 + (2 +2) + (3 + 3 + 3) + 3 mharc = 20 marc**

a. An Spáinn mar cheann scríbe turasóireachta **(4 mharc)**

b. (i) DVDanna (ii) bróisiúir **(2+2 mharc)**

c. **Trí** cinn díobh seo: An tSín, An India, An Meánoirthear, Meiriceá, Spáinneach, Stáit Aontaithe Mheiriceá **(3+3+3 mharc)**

d. **Ceann** díobh seo: grianghraif, físeáin agus teachtaireachtaí **(3 mharc)**

**12 + 20 + 12 + 12 + 12 + 15 + 20 = 100 marc**

# ROINN A (160 marc)

## Ceist 1. El Titanic (50 marc)

Caithfear na freagraí uile a scríobh i **Spáinnis.**

Is féidir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Nueva York. | **(5 mharc)** |
| (b) | Siete. | **(5 mharc)** |
| (c) | El marido de María Josefa. | **5 mharc)** |
| (d) | Porque viajaba en el mejor barco del mundo. | **(5 mharc)** |
| (e) | Los pasajeros irlandeses | **(5 mharc)** |
| (f) | Se puso excepcionalmente frío. | **(5 mharc)** |
| (g) | Porque el agua entraba por debajo de la puerta. | **(5 mharc)** |
| (h) | (Descubrieron) que todos los botes estaban llenos. | **(5 mharc)** |
| (i) | Invitó a María Josefa que tomara su puesto en el bote. | **(5 mharc)** |
| (j) | Porque sabía que Víctor y el hombre desconocido iban a morirse (en las aguas glaciales del mar). | **(5 mharc)** |

## Ceist 2. Expulsado del colegio (25 Marc)

| | | |
|---|---|---|
| (a) | (i) Ní mór don ghruaig a bheith ar chúl na gcluas agus<br>(ii) ní féidir léi a bheith faoi na súile. | **(3+2 mharc)** |
| (b) | Chun aithris a dhéanamh ar Carles Puyol. | **(5 mharc)** |
| (c) | Ceapann sé go bhfuil sé éagórach Alberto a chaitheamh amach as an scoil mar gheall ar a chuid gruaige. / Aontaíonn sé lena mhac. | **(5 mharc)** |
| (d) | Beidh an scoil ina dufair. | **(5 mharc)** |
| (e) | **Ceann** díobh seo: ní ghlacann sé cithfholcadh/ ní scuabann sé a chuid fiacla/ tá sé ar an dalta is salaí sa scoil. | **(5 mharc)** |

## Ceist 3. La fuga de Luisa (20 marc)

(a) Ghoid sí dhá t-léine ó shiopa ilrannach. **(5 mharc)**

(b) Chuaigh sí i bhfolach i gcás carad. **(5 mharc)**

(c) **Dhá** cheann díobh seo: Tá sí beag / níl sí láidir / níl mórán meáchain inti. **(3+2 mharc)**

(d) Déanfaidh siad cigireacht ar bhagáiste gach príosúnach sa todhchaí. **(5 mharc)**

## Ceist 4. Un accidente de tráfico (25 marc)

(a) Maidrid. **(5 mharc)**

(b) Ghoid siad mála. **(5 mharc)**

(c) Lean sí na gadaithe láithreach. **(5 mharc)**

(d) (i) Maraíodh fear amháin. (ii) Theith an fear eile ón láthair **(3+2 mharc)**

(e) Bhí uirthi 2 uair an chloig a chaitheamh i stáisiún na bpóilíní/
scaoileadh í gan chúisimh. **(5 mharc)**

## Ceist 5. El mejor trabajo del mundo (40 marc)

(a) **Dhá** cheann díobh seo: tuilleann sí cuid mhaith airgid/
seinneann sí an ceol is fearr léi/
bíonn sí le daoine deasa. **(3+2 mharc)**

(b) Roghnaíonn sí agus meascann sí ceol don phobal. **(5 mharc)**

(c) As (fréamhacha) Afrai-Mheiriceánacha. **(5 mharc)**

(d) **Dhá** cheann díobh seo: ní mór breathnú ar an lucht éisteachta/
ní mór a bheith eolach ar stíleanna éagsúla/
ní mór a bheith eolach ar na bunteicnící/
ní mór a bheith an-eolach ar stair an cheoil Hip Hop. **(3+2 mharc)**

(e) Sheinn sé ag cóisirí móra rathúla. **(5 mharc)**

(f) Bíonn sé ag athrú a stíle agus a bhlas de shíor. **(5 mharc)**

(g) Tuilleann sé airgead ag déanamh an ruda is maith leis. **(5 mharc)**

(h) Maireachtáil trí dhíriú ar an am seo agus spraoi a bheith agat. **(5 mharc)**

# ROINN B (60 marc)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:
1. **LITIR / R-PHOST** agus **ceann amháin de 2.(a) TEACHTAIREACHT nó 2. (b) IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1. LITIR: 40 marc**

Tá **cúig** 'theachtaireacht' le cur in iúl.
Ceadaigh **8** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh as gach teachtaireacht.)

**8 marc x 5 = 40 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe/ roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

**C.2.(a) TEACHTAIREACHT C.2.(b) IONTRÁIL DIALAINNE 20 Marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** 'theachtaireacht' le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-5 mharc a bhronnadh as gach 'teachtaireacht'.)

**5 mharc x 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán: | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

Socruithe Réasúnta:
Ina gcás sin dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach: ní chuirtear na hasbhaintí thuas as struchtúir ghramadaí mhíchearta i bhfeidhm.
Ba chóir marcanna a bhronnadh as cur in iúl na teachtaireachta amháin mar atá leagtha amach thuas.

## Aguisín a hAon

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm le hobair arna cur isteach ag iarrthóirí ar deonaíodh ceann amháin de na socruithe seo a leanas dóibh, nó meascán de níos mó ná ceann amháin díobh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta foghlama.*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta coirp.*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air / agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrfar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

## Roinn B Cumadóireacht Scríofa

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.

Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu trí shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.

Leathanach Bán

Leathanach Bán